Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14619/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0367(BUD)**

FIN 1089
PE-L 42

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13960/23 (COM(2023) 530 final) |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad ginearálta 2023: Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí - Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla<br>– *Glacadh*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 11 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad ginearálta 2023 a bhaineann le laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus ar choigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla[1].

[1] 13960/23.

Is é is aidhm don togra seo:

- leithreasuithe thionscadal an Imoibreora Thrialaigh Theirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) a laghdú, de EUR 280 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 264 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, mar gheall ar na moilleanna a tharla ar chur chun feidhme an tionscadail, scéal nach bhféadfar a chur ina cheart níos déanaí i mbliana;

- leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don Chlár don Eoraip Dhigiteach, do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) a laghdú go méid iomlán EUR 3 bhilliún. Ní fhéadfaí na méideanna sin a chur san áireamh sna hath-imlonnuithe a mholtar san 'Ollaistriú' (DEC 13/2023) a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle an 27 Meán Fómhair 2023;

- leibhéal an chaiteachais riaracháin, na bpinsean agus an chaiteachais do Scoileanna Eorpacha faoi cheannteideal 7 a choigeartú agus leibhéal na leithreasuithe a mhéadú EUR 32.5 milliún mar thoradh ar athbhreithniú tuarastal, ar líon níos airde tairbhithe pinsin, agus ar phraghsanna fuinnimh atá fós an-ard;

- cead a thabhairt don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) 20 saineolaí náisiúnta ar iasacht atá saor ó chostas a earcú le haghaidh Cumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) gan tionchar ar leibhéal na leithreasuithe in 2023;

- ranníocaíocht an Aontais agus líon na bpost in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a choigeartú chun slándáil agus cibearshlándáil na hOifige a threisiú;

- ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) a choigeartú chun an chaibidlíocht leanúnach maidir leis an togra i ndáil leis an dlí um athbhunú dúlra a chur san áireamh;

Ar an iomlán, is é glantionchar an dréachtbhuiséid leasaithigh seo ar chaiteachas go mbeidh laghdú EUR 247.5 milliún ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus laghdú EUR 3 254.8 milliún ar na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

2. Ar mhaithe le go nglacfadh Parlaimint na hEorpa an dréachtbhuiséad leasaitheach seo go tráthúil roimh dheireadh na bliana airgeadais 2023, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, giorrú a dhéanamh ar an tréimhse 8 seachtaine a leagtar síos in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 3(3) dá Rialacha Nós Imeachta.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2023 ag na cruinnithe a bhí aige an 19 agus an 24 Deireadh Fómhair 2023 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2023, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh;

– treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin; agus

– an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, mar a leagtar amach in 14621/23 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– i bhfianaise a phráinní atá an t-ábhar, go gcinnfidh an Chomhairle maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin uasail,

Tá an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 don bhliain airgeadais 2023, a ghlac an Chomhairle an 9 Samhain 2023, á chur ar aghaidh agam chugat i ndoiciméad ar leithligh.

(Clabhsúr dea-mhéine).